

Ionfhabhtú bainteach leis an gcúram Sláinte: Eolas don Phobal agus d'Othair

Conas a chuirtear cosc agus rialú ar ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte?

Is féidir timpeall an tríú cuid de na ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte a chosc. Is é an tslí is fearr chun ionfhabhtú a chosc ná trí chleachtais maithe gairmiúla , ina measc, sláinteachais láimhe agus an cúram cuí nuair atáthar ag láimhseáil othair . Uaireanta bíonn gá le h-othar a bhfuil ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte orthu, a leithlisiú (m.sh. an t-othar a choinneáil i seomra leis féin chun é/í a scaradh amach ó othair eile). Coinníonn formhór na n-ospidéal súil ar na h-ionfhabhtuithe seo chun a chinntiú go bhfuil beartais smachtaithe á bhfeidhmiú go cuí, agus cuirtear oiliúint leanúnach ar dhochtúirí, altraí agus gairmithe cúram sláinte eile.

Cá bhfuil tuilleadh eolas faoi ionfhabhtuithe a bhaineann leis an gcúram sláinte ar fáil?

Is féidir tuilleadh eolais faoi ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte a fháil ó na dochtúirí agus na haltraí atá ag tabhairt aire duit sa bharda ina bhfuil tú. Tá tuilleadh eolais ar fáil ón bhfoireann rialaithe ionfhabhtuithe áitiúil freisin. Tá eolas ginearálta faoi ionfhabhtuithe atá bainteach leis an gcúram sláinte ar fáil chomh maith ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

- Lárionad Faire um Chosaint Sláinte
www.hpsc.ie
- An Gníomhaireacht um Chosaint Sláinte (Sasana)
www.hpa.org.uk
- Lárionaid um Chosc agus Rialú Galair (SAM)
www.cdc.gov

Cad é ionfhabhtú bainteach leis an gcúram sláinte?

Is ionfhabhtú bainteach leis an gcúram sláinte, é, ionfhabhtú a fhaigheann duine de bharr a bheith san ospidéal nó tar éis cóireáil míochaine a fháil . Tugtar “ionfhabhtú faighte san ospidéal” ar ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte a faightear san ospidéal. De ghnáth bíonn ceangal ag ionfhabhtú bainteach leis an gcúram sláinte le cóireáil a faightear san ospidéal, ach uaireanta tarlaíonn sé tar éis cóireála i gclinicí d’othair seachtracha, tithe altranais agus suíomhanna cúram sláinte eile.

An fadhb nua iad ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte?

Ní h-ea. Bhíodh ionfhabhtuithe ina bhfo-iarmhairt den chóireáil mhíochaine riamh, go mór mhór sna h-ospidéal. D’fhéadfadh sé go raibh ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte fairsing nó níos fairsinge fadó , ach nár tugadh faoi deara iad ná nár tuairiscíodh iad. Tá níos mó eolas againn anois faoi h-ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte mar go bhfuil sé níos éasca iad a aithint anois agus a thuarisciú ná mar a rinneadh fadó. Tá fáthanna ann go bhfuil fadhb againn i gcónaí le h-ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte, mar:

- Tá cóireáil á chur ar dhaoine ‘ard-riosca’ cosúil le h-othair scothaosta nó othair le galair troma nó fadtéarmacha



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



- Cuireann cóireáil mhíochaine níos fearr ar ár gcumas galair a chóireáil anois nach bhféadfaí a leigheas go dtí seo. Sábhálann na cóireálacha seo beatha daoine ach ag an am chéanna d'fhéadfadh siad an riosca go bhfaigheadh siad ionfhabhtú a mhéadú.
- Tá othair ag bogadh thart ar bhordaí níos mó de bharr an brú ar leapacha ospidéal
- Tá níos mó antaibheathaigh á n-úsáid agus frídíní atá antaibheathach-fhriotaíoch ag teacht chun cinn.

Cé chomh coitianta agus atá ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte?

Tolgann duine as gach deichniúir a théann isteach san ospidéal, ionfhabhtú. Athraíonn an staitistic seo ó am go h-am. Bíonn éagsúlachtaí idir ospidéal agus na cineál othair a fhaigheann ionfhabhtuithe freisin. Mar shampla, bíonn sé níos dóchúlaí go bhfaigheadh othair san Ionad Dianchúram ionfhabhtú ná aon áit eile san ospidéal mar go mbíonn na h-othair sin níos breoite agus níos mó fachtóirí riosca acu.

Cén cineál othair a tholgann ionfhabhtuithe a bhaineann leis an gcúram sláinte?

Dá mhéid cúram mhíochaine a theastaíonn ó dhuine is ea is mó contúirt atá ann go bhfaigheadh an duine ionfhabhtú. Tá ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte coitianta in othair le tinnis tromchúiseacha nó fachtóirí riosca mar:

- Othair le créachtaí mhóra de bharr obráide, dóanna nó timpist tromchúiseach
- Othair a bhfuil diltálaire (líne infhéitheach) acu nó feisteas leighis eile ar feadh tréimhse fhada
- Othair le córas imdhíonachta lagaithe, ar nós othair a bhfuil cóireáil á fháil acu don leicéime nó ailse, nó a fuair trasphlandú

Mura bhfuil tinneas tromchúiseach ar othar agus mura gcaitheann sé nó sí ach tréimhse gearr san ospidéal, bíonn an riosca go dtolgfáí ionfhabhtú íseal.

Cén cineál ionfhabhtú bainteach leis an gcúram sláinte atá ann?

Is é an ionfhabhtú is coitianta ná ionfhabhtú sa lamhnán fuála nó sna duáin, rud a tharlaíonn de bharr cataitear nó feadán a chur isteach chun fual a dhraenáil. Uaireanta faightear niúmóine san Aonad Dianchúram áit a mbíonn othar ar inneall tacaíochta beatha, tolgar ionfhabhtú créachta máinliachta de bharr mór-obráide, tolgar ionfhabhtú feistis leighis agus baictéiréime (nimhiú fola) ó fheisteas infhéitheach ('diltálaire').

Cén éifeacht a bhíonn ag ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte?

De ghnáth ní bhíonn ach mion-tinnis de bharr ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte a bhíonn éasca le cóireáil agus ní bhíonn aon éifeacht fad-téarmach ann. Uaireanta, áfach, bíonn tinneas tromchúiseach ar othar de bharr ionfhabhtú bainteach leis an gcúram sláinte agus bíonn ar an duine fanacht níos faide san ospidéal agus bíonn éifeachtaí fad-téarmacha ann dá bharr. Bíonn tinneas tromchúiseach agus uaireanta bás mar thoradh ar roinnt ionfhabhtuithe neamh-choitianta bainteach leis an gcúram sláinte, mar niúmóine agus nimhiú fola.